2026/230

30.1.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/230 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Eanáir 2026

lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sa Spáinn

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 545)

(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar tógálach veicteoir-iompartha é ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh a bhíonn ar bhó-ainmhithe. D'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach freisin ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus ar tháirgí na n-ainmhithe sin laistigh den Aontas, agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh i mbó-ainmhithe, tá riosca tromchúiseach ann go leathfadh an galar sin go mbunaíochtaí eile ina gcoimeádtar bó-ainmhithe go háirithe mar gheall ar a mhodh tarchurtha trí veicteoirí.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 déantar foráil maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm sa chrios srianta sin. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta ar a laghad crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall ar na criosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Méid na gcriosanna cosanta agus faireachais agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, tá siad bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 freisin. Ar na critéir a chuirtear i bhfeidhm maidir le rogha mhéid na gcriosanna cosanta agus faireachais, chomh maith le fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, cuimsítear breithniú ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin, agus ní hamháin sin ach ar thosca eipidéimeolaíocha eile lena n-áirítear paraiméadair gheografacha agus an riosca atá ann maidir le leathadh breise an ghalair. Cuireadh san áireamh freisin caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe agus fad tréimhse na mbeart dá bhforáiltear sa Chinneadh seo á chinneadh ([4]).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/.

(4) Le Rialachán (AE) 2016/429, agus go háirithe Airteagal 69 de, foráiltear go bhféadfaidh údarás inniúil Ballstáit vacsaíniú éigeandála a úsáid chun galar liostaithe, dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a), den Rialachán sin, a rialú go héifeachtach in ainmhithe ar coimeád. Chuige sin, féadfaidh an t-údarás inniúil criosanna vacsaínithe a bhunú agus plean oifigiúil vacsaínithe a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais shonracha. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún ([5]), lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429, leagtar síos, *inter alia*, na rialacha sonracha atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit agus vacsaíniú cosantach éigeandála á úsáid acu i mbó-ainmhithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú. Leagtar síos leis an Rialachán Tarmligthe sin freisin na coinníollacha faoinar féidir gluaiseachtaí ainmhithe vacsaínithe agus a dtáirgí a cheadú. In Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, leagtar síos coinníollacha sonracha maidir le vacsaíniú cosantach éigeandála in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh.

(5) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248 ón gCoimisiún ([6]) leagtar síos bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sa Spáinn. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 1, pointe (a), den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin crios srianta a bhunú, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, sa Bhallstát sin, criosanna nach mór a chuimsiú ann ar a laghad na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 1, pointe (b), den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin maidir le criosanna vacsaínithe I agus II a bhunú sa Spáinn, i gcomhréir le Cuid I d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361, agus faoi na coinníollacha a leagtar síos ann. Foráiltear leis freisin nach mór a chuimsiú sna criosanna vacsaínithe sin ar a laghad na limistéir a liostaítear amhlaidh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 1, pointe (c), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248 maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais, agus i gcriosanna vacsaínithe I agus II, go mbeidh feidhm ag na bearta sin ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(6) Ó rinneadh an leasú deireanach ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2604 ón gCoimisiún ([7]), tá fógra tugtha ag an Spáinn faoi ráig nua d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh i mbunaíocht ina bhfuil bó-ainmhithe ar coimeád i gcúige Girona, pobal na Catalóine, an 7 Eanáir 2026. Mar fhreagairt ar an ráig nua sin, tá criosanna cosanta agus faireachais bunaithe ag an Spáinn i bpobal na Catalóine sa Bhallstát sin, áit a gcuirtear i bhfeidhm na bearta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(7) Agus an ráig sin a tharla le déanaí sa Spáinn á cur san áireamh, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin, in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248, ba cheart iad a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú leis an gCinneadh seo.

(8) Maidir leis na criosanna vacsaínithe I agus II a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248, is gá a gcineál, a méid agus a bhfad tréimhse a leasú i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ag teacht chun cinn a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh, agus i bhfianaise dhul chun cinn an fheachtais vacsaínithe, go háirithe agus leibhéal athraitheach an chumhdaigh vacsaíne a baineadh amach á chur san áireamh. Dá réir sin, is gá na dátaí maidir le fad tréimhse chriosanna vacsaínithe I agus II a léiriú in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(9) Le hAirteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248 cuirtear toirmeasc ar ghluaiseachtaí bó-ainmhithe ó na criosanna cosanta agus faireachais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin chuig cinn scríbe lasmuigh d'imlíne sheachtrach na gcriosanna sin sa Spáinn nó lasmuigh den Bhallstát sin go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin. I bhfianaise fhorbairt na staide eipidéimeolaíche maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sa Spáinn, is gá an toirmeasc sin a choinneáil ar bun.

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 52, 20.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/361/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248 ón gCoimisiún an 4 Samhain 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sa Spáinn agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2076 (IO L, 2025/2248, 7.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2248/oj).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2604 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2025 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sa Spáinn (IO L 2025/2604, 19.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2604/oj).

(10) Dá bhrí sin, ba cheart na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248 a leasú dá réir sin.

(11) I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ann faoi láthair sa Spáinn, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248 leis an gCinneadh seo a luaithe is féidir chun leathadh breise an ghalair laistigh den Spáinn, chuig na Ballstáit eile, nó chuig tríú tíortha a chosc, agus chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas nó aon bhacainn gan údar ar thrádáil le tríú tíortha a sheachaint.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na nIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2248.

Airteagal 2

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN I

Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar an ráig dheimhnithe

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Cúige Girona, pobal Cataluña ES-LSD-2026-00001	Protection zone: The following municipalities from the region Alt Empordà: — Agullana — Albanyà — Avinyonet de Puigventós — Biure — Boadella i les Escaules — Borrassà — Cabanelles — Cabanes — Cantallops — Capmany — Castelló d'Empúries — Cistella — Colera — Darnius — Espolla — Far d'Empordà (El) — Figueres — Fortià — Garrigàs — Garriguella — Jonquera (La) — Lladó — Llançà — Llers — Maçanet de Cabrenys — Masarac — Mollet de Peralada — Navata — Ordis — Pau — Pedret i Marzà — Peralada — Pont de Molins — Pontós — Port de la Selva (El) — Portbou — Rabós — Riumors — Sant Climent Sescebes — Sant Llorenç de la Muga — Santa Llogaia d'Àlguema — Siurana — Terrades — Vajol (La) — Vilabertran — Vilafant — Vilajuïga — Vilamalla — Vilamaniscle — Vilanant — Vila-sacra	9.2.2026

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	The following municipalities from the region Garrotxa: — Beuda — Maià de Montcal The following municipalities from the region Pla de L´Estany: — Crespià — Vilademuls	
	Surveillance zone: The following municipalities from the region Alt Empordà: — Agullana — Albanyà — Avinyonet de Puigventós — Biure — Boadella i les Escaules — Borrassà — Cabanelles — Cabanes — Cantallops — Capmany — Castelló d'Empúries — Cistella — Colera — Darnius — Espolla — Far d'Empordà (El) — Figueres — Fortià — Garrigàs — Garriguella — Jonquera (La) — Lladó — Llançà — Llers — Maçanet de Cabrenys — Masarac — Mollet de Peralada — Navata — Ordis — Pau — Pedret i Marzà — Peralada — Pont de Molins — Pontós — Port de la Selva (El) — Portbou — Rabós — Riumors — Sant Climent Sescebes — Sant Llorenç de la Muga — Santa Llogaia d'Àlguema — Siurana — Terrades — Vajol (La) — Vilabertran — Vilafant — Vilajuïga — Vilamalla — Vilamaniscle	10.2.26 – 26.2.26

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— Vilanant — Vila-sacra The following municipalities from the region Garrotxa: — Beuda — Maià de Montcal The following municipalities from the region Pla de L´Estany: — Crespià — Vilademuls	
	Surveillance zone: The following municipalities from the region Alt Empordá: — Armentera (L') — Bàscara — Cadaqués — Escala (L') — Palau de Santa Eulàlia — Palau-saverdera — Roses — Sant Miquel de Fluvià — Sant Mori — Sant Pere Pescador — Saus, Camallera i Llampaies — Selva de Mar (La) — Torroella de Fluvià — Ventalló — Viladamat — Vilaür — Vilamacolum The following municipalities from the region Baix Empordá: — Albons — Bellcaire d'Empordà — Bisbal d'Empordà (La) — Colomers — Corçà — Cruïlles, Monells i Sant Sadurní de l'Heura — Foixà — Fontanilles — Forallac — Garrigoles — Gualta — Jafre — Palau-sator — Pals — Parlavà — Pera (La) — Rupià — Serra de Daró — Tallada d'Empordà (La) — Torrent — Torroella de Montgrí — Ullà — Ullastret — Ultramort — Verges — Vilopriu	26.2.26

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	The following municipalities from the region Garrotxa: — Argelaguer — Besalú — Castellfollit de la Roca — Mieres — Montagut i Oix — Olot — Planes d'Hostoles (Les) — Preses (Les) — Riudaura — Sales de Llierca — Sant Aniol de Finestres — Sant Feliu de Pallerols — Sant Ferriol — Sant Jaume de Llierca — Sant Joan les Fonts — Santa Pau — Tortellà — Vall de Bianya (La) — Vall d'en Bas (La) The following municipalities from the region Gironès: — Aiguaviva — Bescanó — Bordils — Canet d'Adri — Celrà — Cervià de Ter — Flaçà — Fornells de la Selva — Girona — Juià — Llambilles — Madremanya — Quart — Salt — Sant Gregori — Sant Jordi Desvalls — Sant Joan de Mollet — Sant Julià de Ramis — Sant Martí de Llémena — Sant Martí Vell — Sarrià de Ter — Vilablareix — Viladasens The following municipalities from the region Osona: — Rupit i Pruit — Vidrà The following municipalities from the region Pla de L´Estany: — Banyoles — Camós — Cornellà del Terri — Esponellà — Fontcoberta — Palol de Revardit — Porqueres — Sant Miquel de Campmajor — Serinyà	

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	The following municipalities from the region Ripollès: — Camprodon — Llanars — Molló — Ogassa — Sant Joan de les Abadesses — Sant Pau de Segúries — Setcases — Vallfogona de Ripollès — Vilallonga de Ter The following municipalities from the region La Selva: — Amer — Anglès — Cellera de Ter (La) — Sant Julià del Llor i Bonmatí Susqueda	

IARSCRÍBHINN II

Crios vacsaínithe II

Na limistéir seo a leanas go dtí lá deiridh na tréimhse athshlánaithe dá dtagraítear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361:

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe II
Bardas na Catalóine	The following municipalities from the regions of Alt Empordà, Alt Urgell, Baix Empordà, Berguedà, Cerdanya, Garrotxa, Gironès, Maresme, Osona, Pla de l'Estany, Selva and Vallès Oriental: The following municipalities from the region of Alt Empordà: — Agullana — Albanyà — Armentera (L') — Avinyonet de Puigventós — Bàscara — Biure — Boadella i les Escaules — Borrassà — Cabanelles — Cabanes — Cadaqués — Cantallops — Capmany — Castelló d'Empúries — Cistella — Colera — Darnius — Escala (L') — Espolla — Far d'Empordà (El) — Figueres — Fortià — Garrigàs — Garriguella — Jonquera (La) — Lladó — Llançà — Llers — Maçanet de Cabrenys — Masarac — Mollet de Peralada — Navata — Ordis — Palau de Santa Eulàlia — Palau-saverdera — Pau — Pedret i Marzà — Peralada — Pont de Molins — Pontós — Port de la Selva (El) — Portbou — Rabós — Riumors — Roses — Sant Climent Sescebes — Sant Llorenç de la Muga — Sant Miquel de Fluvià — Sant Mori — Sant Pere Pescador — Santa Llogaia d'Àlguema — Saus, Camallera i Llampaies

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe II
	— Selva de Mar (La) — Siurana — Terrades — Torroella de Fluvià — Vajol (La) — Ventalló — Vilabertran — Viladamat — Vilafant — Vilajuïga — Vilamacolum — Vilamalla — Vilamaniscle — Vilanant — Vila-sacra — Vilaür The following municipalities from the region of Alt Urgell: — Cava — Josa i Tuixén — Pont de Bar (El) The following municipalities from the region of Baix Empordà: — Albons — Begur — Bellcaire d'Empordà — Bisbal d'Empordà (La) — Calonge i Sant Antoni — Castell-Platja d'Aro — Colomers — Corçà — Cruïlles, Monells i Sant Sadurní de l'Heura — Foixà — Fontanilles — Forallac — Garrigoles — Gualta — Jafre — Mont-ras — Palafrugell — Palamós — Palau-sator — Pals — Parlavà — Pera (La) — Regencós — Rupià — Sant Feliu de Guíxols — Santa Cristina d'Aro — Serra de Daró — Tallada d'Empordà (La) — Torrent — Torroella de Montgrí — Ullà — Ullastret — Ultramort — Vall-llobrega — Verges — Vilopriu The following municipalities from the region of Berguedà: — Bagà — Berga — Borredà — Castell de l'Areny — Castellar de n'Hug — Cercs

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe II
	— Fígols — Gisclareny — Gósol — Guardiola de Berguedà — Nou de Berguedà (La) — Olvan — Pobla de Lillet (La) — Quar (La) — Sagàs — Saldes — Sant Jaume de Frontanyà — Sant Julià de Cerdanyola — Santa Maria de Merlès — Vallcebre — Vilada The following municipalities from the region of Cerdanya: — Alp — Bellver de Cerdanya — Bolvir — Das — Fontanals de Cerdanya — Ger — Guils de Cerdanya — Isòvol — Lles de Cerdanya — Llívia — Meranges — Montellà i Martinet — Prats i Sansor — Prullans — Puigcerdà — Riu de Cerdanya — Urús The following municipalities from the region of Garrotxa: — Argelaguer — Besalú — Beuda — Castellfollit de la Roca — Maià de Montcal — Mieres — Montagut I Oix — Olot — Planes d'Hostoles (Les) — Preses (Les) — Riudaura — Sales de Llierca — Sant Aniol de finestres — Sant Feliu de Pallerols — Sant Ferriol — Sant Jaume de Llierca — Sant Joan les Fonts — Santa Pau — Tortellà — Vall de Vianya (La) — Vall d'en Bas (La) The following municipalities from the region of Gironès: — Aiguaviva — Bescanó — Bordils — Campllong — Canet d'Adri — Cassà de la Selva — Celrà — Cervià de Ter

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe II
	— Flaçà — Fornells de la Selva — Girona — Juià — Llagostera — Llambilles — Madremanya — Quart — Salt — Sant Andreu Salou — Sant Gregori — Sant Joan de Mollet — Sant Jordi Desvalls — Sant Julià de Ramis — Sant Martí de Llémena — Sant Martí Vell — Sarrià de Ter — Vilablareix — Viladasens The following municipalities from the region of Lluçanès: — Alpens — Lluçà — Olost — Perafita — Sobremunt The following municipalities from the region of Maresme: — Arenys de Mar — Arenys de Munt — Argentona — Caldes d'Estrac — Calella — Canet de Mar — Dosrius — Malgrat de Mar — Mataró — Palafolls — Pineda de Mar — Sant Andreu de Llavaneres — Sant Cebrià de Vallalta — Sant Iscle de Vallalta — Sant Pol de Mar — Sant Vicenç de Montalt — Santa Susanna — Tordera The following municipalities from the region of Osona: — Calldetenes — Brull (El) — Espinelves — Folgueroles — Gurb — Esquirol (l') — Masies de Rosa (Les) — Masies de Voltregà (Les) — Malla — Manlleu — Montesquiu — Orís — Roda de Ter — Rupit i Pruit — Sant Agustí de Lluçanès — Sant Boi de Lluçanès — Sant Hipòlit de Voltregà — Sant Julià de Vilatorta — Sant Martí d'Albars

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe II
	— Sant Pere de Torelló — Sant Quirze de Besora — Sant Sadurní d'Osormort — Sant Vicenç de Torelló — Santa Cecília de Voltregà — Santa Eugènia de Berga — Santa Maria de Besora — Santa Maria de Corcó — Seva — Sora — Taradell — Tavèrnoles — Tavertet — Tona — Torelló — Vic — Vidrà — Viladrau — Vilanova de Sau The following municipalities from the region of Pla de l'Estany: — Banyoles — Camós — Cornellà del Terri — Crespià — Esponellà — Fontcoberta — Palol de Revardit — Porqueres — Sant Miquel de Campmajor — Serinyà — Vilademuls The following municipalities from the region of Ripollès: — Campdevànol — Campelles — Camprodon — Gombrèn — Lloses (Les) — Llanars — Molló — Ogassa — Pardines — Planoles — Queralbs — Ribes de Freser — Ripoll — Sant Joan de les Abadesses — Sant Pau de Segúries — Setcases — Toses — Vallfogona del Ripollès — Vilallonga de Ter The following municipalities from the region of Selva (La): — Amer — Anglès — Arbúcies — Blanes — Breda — Brunyola i Sant Martí Sapresa — Caldes de Malavella — Cellera de Ter (La) — Fogars de la Selva — Hostalric — Lloret de Mar — Maçanet de la Selva

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe II
	— Massanes — Osor — Riells i Viabrea — Riudarenes — Riudellots de la Selva — Sant Feliu de Buixalleu — Sant hilari Sacalm — Sant Julià del Llor i Bonmatí — Santa Coloma de Farners — Sils — Susqueda — Tossa de Mar — Vidreres — Vilobí d'Onyar The following municipalities from the region of Vallès Oriental: — Aiguafreda — Campins — Cànoves i Samalús — Cardedeu — Figaró-Montmany — Fogars de Montclús — Franqueses del Vallès (Les) — Garriga (La) — Gualba — Llinars del Vallès — Montseny — Roca del Vallès (La) — Sant Antoni de Vilamajor — Sant Celoni — Sant Esteve de Palautordera — Sant Pere de Vilamajor — Santa Maria de Palautordera — Tagamanent — Vallgorguina — Vilalba Sasserra

Crios vacsaínithe I

Na limistéir seo a leanas go dtí lá deiridh na tréimhse athshlánaithe dá dtagraítear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361:

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe I
Pobail na Catalóine, Aragón, Navarra agus Thír na mBascach	The entire territory of the regions of Pla d'Urgell, La Noguera, Segarra, Anoia, Alt Penedès, Garraf, Baix Llobregat, Barcelonès, Vallès Occidental, Bages, Moianès, Solsonès, Pallars Jussà, Pallars Sobirà, Alta Ribagorça, Vall d'Aran, the parts of Alt Urgell, Baix Empordá, Cerdanya, Berguedà, Girona, Osona, Vallès Oriental and Maresme not included in Zone II, all in the Autonomous Community of Catalonia The following municipalities from the region of Segrià (Autonomous Community of Catalonia) — Alamús, — Alcoletge, — Alfarràs, — Alguaire, — Almenar, — Almacelles, — Alpicat, — Benavent de Segrià, — Corbins, — Lleida,

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe I
	— Portella, — Rosselló, — Torrefarrera, — Torre-serona, — Vilanova de la Barca — Vilanova de Segrià The following municipalities in the region of Tamarite de Litera (Autonomous Community of Aragon): — Albelda, — Alcampell, — Altorricón, — Baélls, — Baldellou, — Camporrélls, — Castillonroy, — Tamarite de Litera The following municipalities in the region of Graus (Autonomous Community of Aragon): — Arén, — Benabarre, — Campo, — Capella, — Castigaleu, — Estopiñán del Castillo, — Foradada del Toscar, — Graus, — Isábena, — Lascuarre, — Monesma y Cajigar, — Perarrúa, — La Puebla de Castro, — Puente de Montañana — Santaliestra y San Quílez, — Secastilla, — Sopeira, — Tolva, — Torre la Ribera, — Valle de Bardají, — Valle de Lierp, — Veracruz — Viacamp y Litera The following municipalities in the region of Castejón de Sos (Autonomous Community of Aragon): — Benasque, — Bisaurri, — Bonansa, — Castejón de Sos, — Chía, — Laspaúles, — Montanuy, — Sahún, — Seira, — Sesué — Villanova The following municipalities in the region of Boltaña (Autonomous Community of Aragon): — Abizanda — Aínsa-Sobrarbe — Bárcabo — Bielsa — Boltaña — Broto — Fanlo — Fiscal

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe I
	— Fueva, La — Gistaín — Labuerda — Laspuña — Palo — Plan — Puértolas — Pueyo de Araguás, El — San Juan de Plan — Tella-Sin — Torla-Ordesa The following municipalities in the region of Jaca (Autonomous Community of Aragon): — Aisa — Ansó — Aragüés del Puerto — Bailo — Borau — Canal de Berdún — Canfranc — Castiello de Jaca — Fago — Jaca — Jasa — Mianos — Puente la Reina de Jaca — Salvatierra de Esca — Santa Cilia — Santa Cruz de la Serós — Sigüés — Valle de Hecho — Villanúa The following municipalities in the region of Sabiñánigo (Autonomous Community of Aragon): — Biescas — Caldearenas — Hoz de Jaca — Panticosa — Sabiñánigo — Sallent de Gállego — Yebra de Basa — Yésero The following municipalities in the region of Elizondo (Autonomous Community of Navarra): — Baztan — Urdazubi/Urdax — Zugarramurdi The following municipalities in the region of Estella (Autonomous Community of Navarra): — Abárzuza/Abartzuza — Allín/Allin — Améscoa Baja — Aranarache/Aranaratxe — Artazu — Cirauqui/Zirauki — Eulate — Guesálaz/Gesalatz — Guirguillano — Larraona — Lezaun — Mañeru — Salinas de Oro/Jaitz — Valle de Yerri/Deierri

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe I
	The following municipalities in the region of Irurzún (Autonomous Community of Navarra): — Altsasu/Alsasua — Araitz — Arakil — Arano — Arbizu — Areso — Arruazu — Bakaiku — Basaburua — Betelu — Ergoiena — Etxarri Aranatz — Goizueta — Goñi — Imotz — Irañeta — Irurtzun — Iturmendi — Lakuntza — Larraun — Leitza — Lekunberri — Olazti/Olazagutía — Uharte Arakil — Urdiain — Valle de Ollo/Ollaran — Ziordia The following municipalities in the region of Ochagavia (Autonomous Community of Navarra): — Abaurregaina/Abaurrea Alta — Abaurrepea/Abaurrea Baja — Aria — Aribe — Burgui/Burgi — Castillonuevo — Esparza de Salazar/Espartza Zaraitzu — Ezcároz/Ezkaroze — Gallués/Galoze — Garaioa — Garde — Garralda — Güesa/Gorza — Hiriberri/Villanueva de Aezkoa — Isaba/Izaba — Izalzu/Itzaltzu — Jaurrieta — Navascués/Nabaskoze — Ochagavía/Otsagabia — Orbaizeta — Orbara — Oronz/Orontze — Roncal/Erronkari — Sarriés/Sartze — Urzainqui/Urzainki — Uztárroz/Uztarroze — Vidángoz/Bidankoze The following municipalities in the region of Pamplona (Autonomous Community of Navarra): — Adiós — Ansoáin/Antsoain — Anue — Añorbe

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe I
	— Aranguren — Atetz — Barañáin/Barañain — Belascoáin — Beriáin — Berrioplano/Berriobeiti — Berriozar — Bidaurreta — Biurrun-Olcoz — Burlada/Burlata — Cendea de Olza/Oltza Zendea — Ciriza/Ziritza — Cizur — Echarri/Etxarri — Enériz/Eneritz — Etxauri — Ezcabarte — Galar — Huarte/Uharte — Ibargoiti — Iza/Itza — Juslapeña/Txulapain — Lantz — Legarda — Lizoain-Arriasgoiti/Lizoainibar-Arriasgoiti — Monreal/Elo — Muruzábal — Noáin (Valle de Elorz)/Noain (Elortzibar) — Obanos — Odieta — Olaibar — Orkoien — Pamplona/Iruña — Puente la Reina/Gares — Tiebas-Muruarte de Reta — Tirapu — Ucar — Ultzama — Unciti — Urroz-Villa — Uterga — Valle de Egüés/Eguesibar — Villava/Atarrabia — Zabalza/Zabaltza — Zizur Mayor/Zizur Nagusia The following municipalities in the region of Sanguesa (Autonomous Community of Navarra): — Aoiz/Agoitz — Arce/Artzi — Auritz/Burguete — Erro — Esteribar — Izagaondoa — Lónguida/Longida — Lumbier — Luzaide/Valcarlos — Oroz-Betelu/Orotz-Betelu — Orreaga/Roncesvalles — Romanzado/Erromantzatua — Urraul Alto — Urraul Bajo

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe I
	The following municipalities in the region of Santesteban (Autonomous Community of Navarra): — Arantza — Beintza-Labaien — Bera — Bertizarana — Donamaria — Doneztebe/Santesteban — Elgorriaga — Eratsun — Etxalar — Ezkurra — Igantzi — Ituren — Lesaka — Oiz — Saldías — Sunbilla — Urroz — Zubieta The following municipalities in the region of Guipuzcoa (Autonomous Community of Basque Country): — Abaltzisketa — Aduna — Aia — Aizarnazabal — Albiztur — Alegia — Alkiza — Altzaga — Altzo — Amezketa — Andoain — Anoeta — Antzuola — Arama — Aretxabaleta — Arrasate/Mondragón — Asteasu — Astigarraga — Ataun — Azkoitia — Azpeitia — Baliarrain — Beasain — Beizama — Belauntza — Berastegi — Bergara — Berrobi — Bidania-Goiatz — Deba — Donostia/San Sebastián — Eibar — Elduain — Elgeta — Elgoibar — Errenteria — Errezil — Eskoriatza — Ezkio-Itsaso — Gabiria — Gaintza — Gaztelu

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe I
	— Getaria — Hernani — Hernialde — Hondarribia — Ibarra — Idiazabal — Ikaztegieta — Irun — Irura — Itsasondo — Larraul — Lasarte-Oria — Lazkao — Leaburu — Legazpi — Legorreta — Leintz-Gatzaga — Lezo — Lizartza — Mendaro — Mutiloa — Mutriku — Oiartzun — Olaberria — Oñati — Ordizia — Orendain — Orexa — Orio — Ormaiztegi — Pasaia — Segura — Soraluze-Placencia de las Armas — Tolosa — Urnieta — Urretxu — Usurbil — Villabona — Zaldibia — Zarautz — Zegama — Zerain — Zestoa — Zizurkil — Zumaia — Zumarraga”